

INSTITIÚID OIDEACHAIS MARINO
SCRÚDÚ FAOI THEASTAIS GHAEILGE

AN SCRÚDÚ LE hAGHAIDH CÁILÍOCHTA SA GHAEILGE
OIRIÚNÚ LE hAGHAIDH CÁILÍOCHTA SA GHAEILGE
EARRACH 2019

TRIAIL CHLUASTUISCEANA
TÉACS NA MÍREANNA

Na gíotaí sa triail chluastuisceana seo,
tá siad curtha in oiriúint ó ghíotaí a foilsíodh in
<http://www.tuairisc.ie>; www.scienceblast.ie; www.gaa.ie;
www.glórna Gael.ie; www.tg4.ie; <http://www.cogg.ie>

Treasa:

Institiúid Oideachais Marino, 2019.

An Cháilíocht sa Ghaeilge.

Triail Chluastuisceana.

Leanfaidh an triail seo ar feadh beagnach uair an chloig. Iarrtar ort éisteacht leis na giotáí cainte ar fad agus leis na treoracha a chloisfidh tú ar an téip.

Tá trí roinn sa triail: Roinn A: Fógraí
Roinn B: Comhráite
Roinn C: Míreanna Nuachta

Tá na treoracha agus na ceisteanna a bhaineann le gach ceann de na trí roinn sin, clóbhuailte ar do pháipéar scrúdaithe.

[Bleep]

Roinn A: Léigh ar do pháipéar scrúdaithe na treoracha agus na ceisteanna a bhaineann le Roinn A.

[Bleep]

[30 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Fógra 1

(Canúint na Mumhan)

Áine:

Fógra anseo ó Ghlór Teaghlaigh. Beidh deireadh seachtaine á eagrú i gColáiste na Rinne, i nGaeltacht na nDéise, do theaghlaigh a bhfuil páistí óga idir ceithre bliana d'aois agus deich mbliana d'aois acu. Tosóidh na himeachtaí ar an seachtú lá déag de Mhí na Bealtaine agus críochnóidh siad ar an naoú lá déag.

Cuirfear ceardlann amhránaíochta ar fáil do na páistí ar an Aoine, agus, ina diaidh sin, beidh fáiltiú fíona agus cáise ann do na daoine fásta. Beidh deis ag páistí sliogáin a bhailiú ar an trá, Dé Sathairn, agus beidh ceardlann sa rince céilí ar siúl Dé Domhnaigh.

Is féidir clár ama iomlán don deireadh seachtaine a fháil ar shuíomh idirlín Choláiste na Rinne ag www.anrinn.com, agus is féidir clárú do na himeachtaí trí ríomhphost a chur chuig glórteaghlaigh@glórangael.ie.

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Fógra 2

(Canúint Chonnacht)

Seosamh:

Fógra anseo ó C.O.G.G. is é sin an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta. Beidh ócáid mhór eolaíochta ar siúl i mBaile Átha Cliath agus i nGaillimh ag tús an tsamhraidh. “Bleait Eolaíochta” an teideal a bheidh uirthi agus beidh fáilte roimh scoileanna Lán-Ghaeilge a bheith páirteach inti.

Ní comórtas í “Bleait Eolaíochta” ach deis do pháistí a scileanna eolaíochta a fhorbairt. Cuirfidh eolaithe comhairle ar fáil saor in aisce ag an ócáid agus beidh múinteoirí ar fáil chun cabhair a thabhairt do pháistí le tionscnaimh ar leith.

Beidh liúntas de chaoga euro ar fáil do gach páiste chun cabhrú leis na costais taistil, agus, is féidir tuilleadh eolais a fháil faoi sin ar shuíomh idirlín C.O.G.G. nó trí ríomhphost a chur chuig an mbainisteoir, Diarmuid Ó Murchú, ag Diarmuid@rds.ie.

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Fógra 3

(Canúint Uladh)

Muiris:

Fógra anseo ó Mhuintearas Teoranta. Tá Comhairleoir Teanga á lorg ag Naíolann Ghaoth Dobhair. Post páirtaimseartha is ea an post nua seo. Cuirfidh an duine a cheapfar seirbhís chomhairleach ar fáil sa naíolann agus tabharfaidh sé nó sí cuairteanna baile ar theaghlaigh atá ag tógáil a gclainne trí Ghaeilge.

Caithfidh iarrthóirí cáilíocht i gCúram Leanaí a bheith acu agus ní mór dóibh taithe a bheith acu, fosta, ar a bheith ag obair mar chuid d'fhoireann le gasúir réamhscoile. Tá líofacht sa Ghaeilge agus ceadúnas glan tiomána riachtanach.

Is féidir tuilleadh eolais a fháil trí ríomhphost a chur chuig naíolann@muintearas.com nó is féidir litir iarratais agus CV a chur chuig An Bainisteoir, Muintearas Teoranta, Páirc Ghnó Ghaoth Dobhair, Contae Dhún na nGall. Caithfidh iarratais a bheith istigh roimh an dara lá is fiche de Mhí an Mheithimh.

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Bleep]

Treasa:

Roinn B: Léigh ar do pháipéar scrúdaithe na teoracha agus na ceisteanna a bhaineann le

Roinn B.

[Bleep]

[30 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Comhrá I
(Canúint na Mumhan)

- Pádraig: Feicim go bhfuil alt an-deas ar www.Tuairisc.ie faoi Mhicheál Ó Súilleabháin, suaimhneas síoraí dó.
- Síle: Chonaic mé é sin. Tá scéal a bheatha ann.
(Áine)
- Pádraig: Tá. Déanann an t-alt comóradh breá ar Mhicheál mar cheoltóir, mar chumadóir agus mar oideachasóir.
- Síle: Is fíor duit. Bhí sé an-spéisiúil a léamh gurbh é an chéad duine dá mhuintir a d'fhreastail ar an ollscoil.
- Pádraig: Bhí. Ba cheannródaí é ar go leor bealaí.
- Síle: An t-éacht ba mhó a bhain sé amach, is dócha, ná gur éirigh leis áit a chruthú don cheol traidisiúnta ar churaclam na hollscoile.
- Pádraig: Tá an ceart agat. Mar thoradh ar a chuid oibre bhí deis ag go leor ceoltóirí traidisiúnta staidéar a dhéanamh ar a gceol féin ag an tríú leibhéal.
- Síle: Bhí scil iontach ag Micheál ar an bpianó, freisin.
- Pádraig: Bhí gan dabht! Thuig sé an ornáidíocht thraidisiúnta.
- Síle: Nár fhág sé oidhreacht shuaithinseach de cheol ina dhiaidh, i ndáiríre?
- Pádraig: D'fhág. Is breá liom féin an píosa *Woodbrook*.
- Síle: Tá *Woodbrook* ar fheabhas, ach caithfidh mé a rá gur breá liom na píosaí go léir ar an albam, *The Dolphin's Way*.
- Pádraig: 'Sea! Tá an t-albam sin go hiontach. Déanfaidh mé é a íoslódáil chuig m'fhón póca níos déanaí chun éisteacht leis arís.
- Síle: Seans go n-éistfidh mise leis, freisin!

[Bleep]
[45 seconds gap]
[Bleep]
[Repeat above text]
[Bleep]
[45 seconds gap]
[Bleep]
[Repeat above text]
[Bleep]
[45 seconds gap]
[Bleep]

Treasa: Comhrá 2
(Canúint Chonnacht)

- Eoin: Dia duit, a Chliona. Cén chaoi a bhfuil tú?
(Seosamh)
- Cliona: Táim go han-mhaith, a Eoin. Cén chaoi a bhfuil tú féin?
(Treasa)
- Eoin: Thar cionn! Bhí mé ag smaoineamh ort aréir agus mé ag féachaint ar *Bádóirí?*
- Cliona: Bádóirí? Céard é sin?
- Eoin: Is sraith nua é a bhíonn ar TG4 gach Déardaoin. Tugann sé léargas den scoth ar na daoine a bhíonn ag plé le Húicéirí na Gaillimhe. Tá an-spéis agatsa sna báid thraidisiúnta, a Chliona. Bhainfeá-sa an-taitneamh as.
- Cliona: Ó! Ba bhreá liom é sin a fheiceáil.
- Eoin: Tá sé ar fheabhas i ndáiríre. Faighimid amach faoi mhuintir An Tónaí, An American Mór, An Mac Dara, An Mhaighdean Mhara agus An Capall.
- Cliona: Agus cé a chuireann an clár i láthair?
- Eoin: Donncha Mac Con Iomaire atá mar láithreoir, tá sé go han-mhaith sa ról sin mar léiríonn sé an-bhá leis na bádóirí.
- Cliona: Agus an ndéanann an clár aon tagairt do na geallta bád?
- Eoin: Bye Daid, déanann! Tugann sé le fios go mbíonn iomaíocht ghéar idir na bádóirí go léir ag na rásaí ar na laethanta sin.
- Cliona: Déarfainn go mbíonn comórtas fíochmhar eatarthu!
- Eoin: Bíonn, ach, is cosúil nach bhfuil sa chomórtas ach cur i gcéill go pointe. Is léir ón gclár go mbíonn muintir na húicéirí an-mhór lena chéile i ndáiríre.
- Cliona: Deirtear gur dream an-dlúth iad na bádóirí, ceart go leor! Beidh orm féachaint ar an gcéad chlár eile sa tsraith.
- Eoin: Beidh ort! Beidh sé ar siúl ar a hocht a chlog Déardaoin.

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Comhrá 3
(Canúint Uladh)

Pól: An bhfuil gach rud ceart go leor a Mhoya? Ní fhaca mé ar scoil inné thú?
(Muiris)

Moya: Bhí lá uafásach agam inné, a Phóil.
(Caitlín)

Pól: Cad é a tharla?

Moya: Thart ar chúig bhomaite tar éis a hocht ar maidin, bhí tionóisc ag m'iníon Ríona – thit sí, gan choinne, dá rothar ar an gcoincreít lasmuigh den teach agus ghortaigh sí a cos chlé.

Pól: Ó, a Dhia ár sábháil! Caithfidh gur baineadh geit asat.

Moya: Bhí a fhios agam láithreach go raibh rud éigin briste aici.

Pól: Agus ar thug tú í chuig an ospidéal?

Moya: Chuir mé glao ar an Phríomhoide ar dtús agus bhí sí an-tuisceanach. Dúirt sí liom lá pearsanta a thógáil ón obair agus fuair sí ionadaí chun mo rang a thógáil.

Pól: Agus cad é mar atá Ríona anois?

Moya: Bhuel! Chaitheamar an lá go léir san ospidéal. Bhí an-trua agam do Ríona mar bhí sí i bpian. Bhí sí buartha, fosta, nach mbeadh sí in ann peil a imirt arís i mbliana.

Pól: An créatúr! An raibh x-ghathú aici?

Moya: Bhí agus léirigh sé go raibh dhá chnámh bhriste aici ina rúitín. Beidh sí ar mhaidí croise go dtí tús Mhí an Mheithimh!

Pól: Agus, beidh sí ar ais ag imirt peile i Mí Iúil le cuidiú Dé!

Moya: Tchífidimid!

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Bleep]

Treasa:

Roinn C: Léigh ar do pháipéar scrúdaithe na teoracha agus na ceisteanna a bhaineann le Roinn C

[Bleep]

[30 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Mír Nuachta 1

(Canúint na Mumhan)

Tomás:

Ag ócáid speisialta i mBaile Átha Cliath inné, rinne Seanadóirí agus Teachtaí Dála comóradh ar Chéad Bliain ó bhailigh Dáil Éireann le chéile den chéad uair. Bhí an ócáid ar siúl sa Seomra Cruinn, i dTeach an Ardmhéara, agus chuir Seán Ó Fearghail, Ceann Comhairle na Dála, fáilte roimh gach duine a bhí i láthair.

Ba é Uachtarán na hÉireann, Micheál D. Ó hUiginn a thug an phríomhóráid agus mhol sé misneach na ndaoine a bhí páirteach sa Chéad Dáil agus luaigh sé gur thrí Ghaeilge a rinne siad a ngnó.

D'fhreastail gaolta leis na daoine a bhí páirteach sa Chéad Dáil ar an ócáid, leis, agus ina measc, bhí garmhac le Cathal Brugha. Tar éis na hócáide dúirt sé gur ábhar mórtais é dá chlann go raibh a sheanathair ina Aire Cosanta agus ina Cheann Comhairle ar an gcéad tionól de Dháil Éireann.

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Mír Nuachta 2

(Canúint Chonnacht)

Treasa:

Ag ócáid speisialta i bPáirc an Chrócaigh inné, sheol Uachtarán Chumann Lúthchleas Gael, Seán Ó hÓráin, sraith nua de cheithre fhíseán. Is é “Buail Buille don Ghaeilge” an t-ainm atá ar na físeáin. I measc na n-imreoirí idirchontae a bhí i láthair ag an seoladh agus a ghlac páirt sna físeáin, bhí Cillian O’Connor, Michael Murphy agus Tadhg de Búrca.

Fógraíodh, freisin, ag an ócáid, go mbeadh Cumann Lúthchleas Gael ag tacú ar bhonn náisiúnta le cláir éagsúla chun an Ghaeilge agus an cultúr Gaelach a chur chun cinn. Cheana féin, tá an Cumann ag obair i gcomhar leis An Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta chun comharthaí dátheangacha a chur suas ag gach club ar fud na tíre.

Anuas air sin, den chéad uair riamh, beidh Oifigeach Gaeilge Lánaimseartha fostaithe ag CLG. Is é Jamie Ó Tuama, as Dún Doire, Contae na Mí atá ceaptha sa ról sin.

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Mír Nuachta 3

(Canúint Uladh)

Caitlín:

Bhí scaifte mór i láthair aréir ag Gradam Ceoil Dhún na nGall nuair a bronnadh gradam na bliana seo ar an tsraith theilifíse ‘Ceol ón Chlann’. Is sraith de chlár fhisnéise é ‘Ceol ón Chlann’ a thaispeántar achan Domhnach ar TG4 agus a thugann léargas ar theaghlaigh cheolmhara ó achan cearn den tír.

Dhírigh an chéad chlár sa tsraith ar Chlann Mhic Ruairí ó Rann na Feirste. Léirigh an clár sin go raibh áit ar leith ag an chultúr, idir scéalta agus cheol, i dteach Mhic Ruairí agus iad ag éirí aníos agus gur spreag a máthair iad chun an grúpa ceoil, ‘Clann Mhic Ruairí’, a bhunú.

Bhí Aodh agus Megan ón ngrúpa ceoil i láthair chun glacadh leis an ngradam ag an duais-bhronnadh aréir. Tar éis na hócáide dúirt Megan go raibh áthas an domhain uirthi gur bronnadh duais ar shraith a chuireann béim ar ról na clainne i gcaomhnú thraidisiún an cheoil.

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Bleep]

Treasa:

Tá an triail thart anois. Go raibh maith agaibh.